C/2025/6706

16.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6706)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Havarti'

Uimhir thagartha AE: PGI-DK-00831-AM01 — 16.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Havarti'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Danmhairg

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Fødevarestyrelsen (Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasuithe de chineál eagarthóireachta den chuid is mó iad na leasuithe, gan aon tábhacht shubstainteach leo. Rinneadh leasuithe chun an tsonraíocht táirge a shoiléiriú. Rinneadh athruithe gramadaí freisin.

Ní thagann an t-iarratas ar thásc geografach faoi chosaint Havarti a leasú faoi aon cheann de na trí chás dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar leasú ar leibhéal an Aontais é le haghaidh táirgí talmhaíochta, is é sin:

(a) athrú ar ainm nó ar úsáid an ainm;

(b) baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) srianta breise i dtaca le margú an táirge.

Dá bhrí sin, aicmítear na leasuithe ar shonraíocht táirge thásc geografach faoi chosaint Havarti mar leasú caighdeánach de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú a bhaineann le Roinn 2, 'Tuairisc ar Havarti'

Tuairisc

Leasaíodh na focail 'Cáis theann aibithe a dhéantar as bainne de bhunadh bó-ainmhithe. Ní cheadaítear bainne ná táirgí bainne ó ainmhithe eile.'

chuig seo a leanas:

'Cáis theann aibithe a dhéantar as bainne bó.'

Cúis: Is é is cuspóir don leasú an téacs a shimpliú, gan a bhunús a athrú.

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta a bhfuil feidhm ag an ainm cláraithe maidir leis', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú a bhaineann le Roinn 2.1, 'Comhdhéanamh'

Tuairisc

Leasaíodh na focail:

'Saill in ábhar tirim	Uaschion taise
30 % go < 40 %	54 %
45 % go < 55 %	50 %
55 % go < 60 %	46 %
60 % nó níos mó	42 %'

chuig seo a leanas:

'Saill in ábhar tirim	Uaschion taise
30 % go < 40 %	54 %
45 % go < 55 %	50 %
55 % go < 60 %	46 %
60 % nó níos mó	44 %'

Cúis: Rinneadh uaschion taise na gcáiseanna ina bhfuil níos mó ná 60 % de shaill in ábhar tirim a choigeartú go 44 % chun raimhre cheart a áirithiú. Is amhlaidh atá toisc go gcuireann cineálacha nua binide raimhre níos cobhsaí ar fáil, rud a áirithíonn go mbíonn sí éasca a shlisniú ach a mbíonn cáiseanna atá beagán níos teinne mar thoradh orthu freisin.

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta a bhfuil feidhm ag an ainm cláraithe maidir leis', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 2.1, 'Comhdhéanamh'.

Tuairisc

Scriosadh na focail 'Sloinntear an tsaill in ábhar tirim i gceithre chéim, i.e. 30+, 45+, 55+ agus 60+. Féadfar *fløde*havarti [uachtar Havarti] a thabhairt ar "Havarti" ina bhfuil ar a laghad 60 % de shaill in ábhar tirim. I gcáiseanna Havarti ina bhfuil saill i gcion ábhair thirim idir 30 % agus < 45 % agus 55 % nó níos mó, ní mór an cion saille a léiriú mar chuid den ainm. Úsáidtear 45 % de shaill i gcion ábhair thirim mar thagairt do mhaíomh comparáideach maidir le cothú i dtaca le cion saille.'

Cúis: Meastar go bhfuil codanna den téacs iomarcach, agus ina ionad sin ba cheart faisnéis maidir le lipéadú a chur isteach i Roinn 8 maidir le haon riail shonrach a bhaineann le lipéadú. Thairis sin, níor cheart an tsaill i gcion ábhair thirim a léiriú in éineacht leis an ainm Havarti, ar cheart dó a bheith le feiceáil ina aonar.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú leis an bpointe maidir le blastáin faoi Roinn 2.2, 'Saintréithe'.

Tuairisc

Leasaíodh na focail 'Féadfar blastanais amhail síobhais agus lus mín a chur isteach, ar choinníoll go bhfuil a gcur isteach ina chomhartha sóirt ag boladh agus blas na cáise agus go luaitear san ainm an blastán/na blastáin a thugann saintréithe fíor-riachtanacha nó go léirítear iad in éineacht leis.'

chuig seo a leanas:

'Féadfar na blastáin seo a leanas a chur leis an gcáis, ar choinníoll go bhfuil sin ina chomhartha sóirt ag boladh agus blas na cáise.

Blastáin cheadaithe:

— spíosraí agus luibheanna, agus meascáin díobh

— creamh

— gairleog

— jalapeños.'

Cúis: Sonraíodh na blastáin a fhéadfar a chur isteach le Havarti.

Is é an toradh atá ar an leasú seo athrú ar an bpointe maidir le blastáin faoi Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú leis an bpointe maidir le haibiú faoi Roinn 2.2, 'Saintréithe'.

Tuairisc

Leasaíodh na focail 'Faightear blas agus uigeacht shaintréitheach Havarti de thoradh na bpróiseas aibithe seo a leanas:

— próiseas ina bhfuil craiceann: aibiú screimhe cáise ar feadh 1-2 sheachtain ag 14-18 °C, agus aibiú ina dhiaidh sin ar feadh 1-3 seachtaine ag 8-12 °C;

— próiseas gan chraiceann: aibiú ar feadh 3 seachtaine ag 5-20 °C.

Féadfar Havarti a sheoladh ón monarcha táirgthe le haghaidh tuilleadh próiseála, lena n-áirítear aibiú, nó lena stóráil ag monarcha eile sula mbeidh na haoiseanna thuasluaite bainte amach aici, ach ní fhéadfaidh sí an dara monarcha a fhágáil sula mbeidh an aois íosta slánaithe aici.'

chuig seo a leanas:

'— próiseas ina bhfuil craiceann: aibiú screimhe cáise ar feadh 1-2 sheachtain ag 14-21 °C, agus aibiú ina dhiaidh sin ar feadh 1-3 seachtaine ag 8-16 °C;

— próiseas gan chraiceann: aibiú ar feadh 3 seachtaine ag 2-21 °C.'

Cúis: Scriosadh téacs toisc go meastar go bhfuil sé iomarcach, agus toisc go mbaineann codanna den fhaisnéis le hábhair ar cheart é a áireamh i Roinn 5 maidir leis an modh táirgthe. Coigeartaíodh na ceanglais teochta freisin chun an blas agus an uigeacht shaintréitheach cheart a áirithiú.

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar an bpointe maidir le haibiú faoi Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 4, ‘Cruthúnas tionscnamh an táirge’.

Tuairisc

Leasaíodh na focail ‘Ní mór táirgeoirí uile Havarti a bheith formheasta roimh ré ag an gcomhlacht deimhniúcháin agus comhlacht cigireachta (féach Roinn 7 thíos). Áirítear le seiceálacha ina dhiaidh sin cigireacht ar tháirgeadh agus seiceálacha ar tháirgí bunaithe ar na ceanglais táirgthe agus táirge a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Ón déiríocht, déantar na cáiseanna a lipéadú i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair chun a áirithiú gur féidir iad a rianú siar go dtí an déiríocht. Déanann na húdaráis faireachán ar an lipéadú. (Féach Iarscríbhinn 1 — tuairisc ghairid ar na seiceálacha.)’

chuig seo a leanas:

‘Is féidir táirgeadh Havarti sa Danmhairg a rianú siar go 1921. In 1952, faoi Choinbhinsiún Stresa, ainmníodh an cháis i ndiaidh Hanne Nielsen a raibh tionchar mór aici, san obair a rinne sí ar fheirm Havartigården, ar tháirgeadh cáise.’

Cúis: Is é is cuspóir don leasú an téacs a ailíniú le teideal na roinne. Thairis sin, bhí faisnéis faoi sheiceálacha sa téacs roimhe seo, rud a mheasaimid a bheith iomarcach toisc go bhfuil seiceálacha den sórt sin intuigthe sna rialacháin ábhartha.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 5, ‘Modh táirgthe’.

Tuairisc

Leasaíodh na focail ‘Tá bainne bó amh caighdeánaithe a mhéid a bhaineann le cion saille agus tá sé paistéartha. Cuirtear tosaitheoirí isteach. Cuirtear binid isteach. Gearrtar na gruthanna le scian nuair a bhaintear an teinne iomchuí amach. Corraítear an meascán ansin, draenáiltear meadhg agus téitear é. Doirtear na gruthanna isteach i múnlaí agus brúitear na cáiseanna ansin. Féadfar blastanais éagsúla, amhail cuimín, lus mín, gairleog, etc., a chur isteach leis na cáiseanna freisin. Déantar na cáiseanna a fhuarú, a shailleadh agus a phacáistiú i bplaisteach. Déantar iad a aibiú ansin ar feadh fad ama athraitheach, ag brath ar cé chomh haibí a bheidh an táirge críochnaithe. Má tá aibiú dromchla inmhianaithe, cuirtear saothrán *Brevibacterium linens* ar an gcraiceann tar éis a shaillte.

(Féach an tsreabhchairt le haghaidh tháirgeadh Havarti in Iarscríbhinn 2 agus Iarscríbhinn 3, “Tuairisc ar chéimeanna roghnaithe sa phróiseas táirgthe”).’

chuig seo a leanas:

‘Tá bainne bó amh caighdeánaithe a mhéid a bhaineann le cion saille agus tá sé paistéartha. Cuirtear tosaitheoirí isteach. Cuirtear binid isteach. Gearrtar na gruthanna le scian nuair a bhaintear an teinne iomchuí amach. Corraítear an meascán ansin, draenáiltear meadhg agus téitear é. Déantar na gruthanna a dheighilt ón meadhg agus (mar a léirítear sa tsreabhchairt in Iarscríbhinn 1) a dhoirteadh isteach i múnlaí agus brúitear na cáiseanna ansin. Déantar na cáiseanna a fhuarú, a shailleadh agus a phacáistiú i bplaisteach nó i screamh-chóireáil (aibiú dromchla) (a thaispeántar freisin sa tsreabhchairt in Iarscríbhinn 1). Déantar iad a aibiú ansin ar feadh fad ama athraitheach, ag brath ar cé chomh haibí a bheidh an táirge críochnaithe. Féadfar aibiú dromchla a chur chun cinn trí shaothrán *Debaryomyces hansenii*, *Geotrichum candidum* nó *Brevibacterium linens* a chur ar an gcraiceann tar éis a shaillte, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa tsreabhchairt in Iarscríbhinn 1 agus “modh na Danmhairge” ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn 2.

Déantar na cáiseanna a aibiú ag an monarcha táirgthe go dtí go mbaintear amach a mblas agus a n-uigeacht shainiúil. Ní fhéadfar na cáiseanna a sheoladh lena n-aibiú nó lena stóráil a thuilleadh ag monarcha eile go dtí go mbeidh a saintréithe ar leith faighte acu.

Féadfar an cháis a ní agus a thriomú go roghnach le linn aibithe nó ina dhiaidh agus sula ndéantar í a phacáistiú.’

Cúis: Cuireadh mionsonraí ar fáil maidir leis na saothráin is féidir a úsáid chun aibiú dromchla a chur chun cinn agus nuair is féidir na cáiseanna a sheoladh chuig monarcha eile lena n-aibiú nó lena stóráil a thuilleadh. I bhfocail eile, soiléiríodh an modh táirgthe.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 6.2, ‘Stair’, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Scriosadh an abairt dheireanach den roinn, ina léitear ‘Ag 32 700 tona, tá Havarti cothrom le 10,2 % de tháirgeadh cáise iomlán na Danmhairge anois.’.

Cúis: Scriosadh an abairt toisc gur faisnéis stairiúil í an fhaisnéis.

Is é an toradh atá ar an leasú seo athrú ar an bpointe ‘Achoimre ar an nasc’ i Roinn 5, ‘Nasc leis an limistéar geografach’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 6.3, ‘Sainiúlacht an táirge’, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Scriosadh an abairt dheireanach den roinn, ina léitear ‘Faoi Choinbhinsiún Stresa 1952, aithníodh Havarti mar chineál cáise Danmhargach aisti féin, seachas mar chóip de cháis eachtrach atá ann cheana.’.

Cúis: Scriosadh an abairt toisc gur athrá í ar abairt ó Roinn 6.2 den tsonraíocht táirge.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 6.4, ‘Clú agus modh táirgthe’, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Sa séú mír, leasaíodh an abairt seo a leanas:

‘Le breis agus 100 bliain bhí ionadaíocht mhaith ag Havarti i gcónaí ag imeachtaí den sórt sin agus tá sé ann go láidir fós, bhí sí ann go deireanach ag an Seó Déiríochta Náisiúnta agus na seónna ceantair in 2009 (féach Iarscríbhinn 8).’

chuig seo a leanas:

‘Le breis agus 100 bliain bhí ionadaíocht mhaith ag Havarti i gcónaí ag imeachtaí den sórt sin agus tá sé ann go láidir fós (féach Iarscríbhinn 7).’

Cúis: Scriosadh an abairt toisc gur faisnéis stairiúil í an fhaisnéis. Ceartaíodh uimhir na hiarscríbhinne freisin.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 7, ‘Comhlacht deimhniúcháin agus comhlacht cigireachta’, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Scriosadh an roinn ar fad. Athuimhríodh an roinn seo a leanas dá réir sin.

Cúis: Faisnéis maidir le cé atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil, ní mheastar í a bheith ábhartha lena cur isteach sa tsonraíocht.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 8, ‘Aon riail shonrach maidir le lipéadú’, atá anois ina Roinn 7 den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Leasaíodh na focail ‘Havarti 60+, 55+, 45+ nó 30+, ag brath ar an gcion saille, móide “tásc geografach faoi chosaint” nó “TGFC” agus/nó siombailí oifigiúla an Aontais.’

chuig seo a leanas:

‘Má cuireadh blastáin isteach, ní mór é sin a léiriú ar leithligh ón tásc geografach, ach sa réimse radhairc céanna leis an tásc geografach.

Féadfar an t-ainm “Flødehavarti” [uachtar Havarti] a chur le lipéad Havarti ina bhfuil 60 % ar a laghad de shaill in ábhar tirim.’

Cúis: Scriosadh an téacs roimhe seo toisc go meastar go bhfuil an t-ábhar atá ann iomarcach. Baineann an téacs nua le faisnéis a cuireadh i láthair in áiteanna eile roimhe seo sa tsonraíocht táirge, ach ar cheart í a áireamh sa roinn maidir le lipéadú.

Is é an toradh atá ar an leasú seo ná athrú ar Roinn 4.6, ‘Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le Roinn 9, ‘Aon cheanglas maidir le forálacha náisiúnta’.

Tuairisc

Scriosadh an roinn ar fad.

Cúis: Scriosadh an roinn toisc nach bhfuil aon cheanglas náisiúnta ann.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú leis an ngrúpa iarrthach.

Tuairisc

Tugadh seoladh an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta agus scriosadh ainm agus seoladh an teagmhálaí.

Cúis: Tugadh seoladh an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta. Meastar go bhfuil an teagmhálaí, ar tugadh a chuid sonraí roimhe, iomarcach, toisc gur féidir dul i dteagmháil go díreach leis an ngrúpa iarrthach.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le hIarscríbhinn 1.

Tuairisc

Scriosadh Iarscríbhinn 1 agus athuimhríodh na hiarscríbhinní eile dá réir sin.

Cúis: Meastar go bhfuil ábhar Iarscríbhinn 1 iomarcach.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí talmhaíochta

'Havarti'

Uimhir thagartha AE: PGI-DK-00831-AM01 — 16.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Havarti'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Danmhairg

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Cáis theann aibithe déanta as bainne bó.

Comhdhéanamh

Cion taise: braitheann sé ar an tsaill i gcion ábhair thirim (féach an tábla thíos).

Saill in ábhar tirim	Uaschion taise
30 % go < 40 %	54 %
45 % go < 55 %	50 %
55 % go < 60 %	46 %
60 % nó níos mó	44 %

Saintréithe

An taobh amuigh:

Féadfar í a tháirgeadh le craiceann screamhaibithe nó gan é.

Féadfar an dromchla a chumhdach.

An taobh istigh:

Dath: Scothbhán (nó dath an eabhair) go scothbhuí

Raimhre: Bog, ach inghearrtha fós agus daingean don ghreim (*al dente*)

Struchtúr: Súile flúirseacha neamhrialta, ar mhéid rís-ghráinneach (1-2 mm ar leithead den chuid is mó agus suas le 10 mm ar fad) dáilte go cothrom tríd an gcáis. I gcáis ina bhfuil 60 % de shaill i gcion ábhair thirim, bíonn na súile níos lú de ghnáth.

Boladh agus blas: Séimh, aigéadach, aramatach agus le hiomláine áirithe. Bíonn an boladh agus an blas níos suntasaí le haois.

Blastáin: Féadfar na blastáin seo a leanas a chur leis an gcáis, ar choinníoll go bhfuil sin ina chomhartha sóirt ag boladh agus blas na cáise.

Blastáin cheadaithe:

— spíosraí agus luibheanna, agus meascáin díobh

— creamh

— gairleog

— jalapeños.

Cruth agus méid: cruinn nó dronuilleogach.

Aibíocht:

— le craiceann: aibiú screimhe cáise ar feadh 1-2 sheachtain ag 14-21 °C, agus aibiú ina dhiaidh sin ar feadh 1-3 seachtaine ag 8-16 °C;

— gan chraiceann: aibiú ar feadh 3 seachtaine ag 2-21 °C.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim táirgthe a dhéanamh sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Má cuireadh blastáin isteach, ní mór é sin a léiriú ar leithligh ón tásc geografach, ach sa réimse radhairc céanna leis an tásc geografach.

Féadfar an t-ainm 'Flødehavarti' [uachtar Havarti] a chur le lipéad Havarti ina bhfuil 60 % ar a laghad de shaill in ábhar tirim.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

an Danmhairg

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☐ cáilíocht

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá traidisiúin déiríochta fhada mhórtasacha ag an Danmhairg. Tá corpas uathúil saineolais agus ardleibhéal feasa gnó ag earnáil déiríochta na Danmhairge, ar féidir iad a dhoiciméadú chomh fada siar le 1921 agus a chreidtear a bheith forbartha le níos mó ná 100 bliain anuas.

Chuir an Danmhairg oiliúint ar fhir bhainne ghairmiúla i bpróiseáil bhreise an bhainne ag coláistí speisialaithe, is iad sin Ladelund Mejeriskole agus Dalum Mejeriskole, ó dheireadh an 19ú haois. Bhí Havarti mar bhonn le hoiliúint i dtáirgeadh cáise grutha caidéalaithe.

Bhí oiliúint acadúil san eolaíocht déiríochta agus sa teicneolaíocht déiríochta ar fáil ó bhí 1921 ann sa Danmhairg, atá anois ar cheann den bheagán tíortha ar domhan atá fós ag cur oiliúint den sórt sin ar fáil.

Sainiúlacht an táirge

Is í Havarti an rud ar a dtugtar cáis ghrutha chaidéalaithe, ag tagairt don bhealach ina múnlaítear an gruth agus ina leáitear ansin é. Is féidir í a aithint trí na súile iomadúla neamhrialta ar mhéid rís-ghráinneach a dháiltear go cothrom tríd an gcáis. Tá blas sainiúil séimh aigéadach ar Havarti, atá aramatach freisin, le cáilíocht dhiscréideach thathagach. Tá sí bog ach inghearrtha fós, arna comhlánú le huigeacht *al dente*. Táirgeadh an cháis ghrutha chaidéalaithe sin den chéad uair sa Danmhairg in 1921, nuair a mhúin G. Morgenthaler ón Eilvéis beirt fhear bainne ag dhá dhéiríocht, Ruds Vedby agus Hallebygaard sa tSéalainn, conas cáis ghrutha chaidéalaithe iomlán nua a tháirgeadh. D'éirigh go han-mhaith leis sin, agus scaipeadh táirgeadh na gcáiseanna nua ón dá dhéiríocht sin go dtí go leor déiríochtaí eile ar fud na Danmhairge.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht shonrach, an clú atá ar an táirge nó saintréithe eile a bhaineann leis

Tá cosaint Havarti mar thásc geografach bunaithe ar a cháil shonrach agus ar a mhodh táirgthe sonrach.

Clú

Is seanfhocal Danmhairgise é Havarti a théann siar go ré na Lochlannach. Tagann sé ón bhfocal *avarti*, ag cur bruach abhann méith, bláthach in iúl. Coinníonn an t-ainm 'Havarti' nasc le Hanne Nielsen, mar aitheantas ar an obair a rinne sí i réimse na cáiseoireachta ar fheirm Havartigården ag Holte, in aice le Cóbanhávan, sa dara leath den 19ú haois. Ó 1866 go 1890, bhain sí clú agus cáil amach sa cháiseoireacht in Havartigården ar fud na Danmhairge, agus bhí sí ina soláthróir do Chúirt Ríoga na Danmhairge.

Laistigh agus lasmuigh den Chomhphobal araon, tá cáil ar Havarti as bheith ina speisialtacht de bhunadh na Danmhairge.

Ghlac earnáil déiríochta na Danmhairge páirt le Havarti i seónna agus i gcomórtais ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus bronnadh go leor gradam uirthi.

Modh táirgthe

Is féidir teagasc maidir le Havarti a dhéanamh a dhoiciméadú siar go dtí 1921 agus bhí an teagasc sin — agus tá sé fós — ina ghnáthchuid d'oiliúint na bhfear bainne sa Danmhairg, agus dá bhrí sin tá tagairtí do dhéanamh Havarti le fáil i líon mór lámhleabhar oiliúna. Tá trí chéim go háirithe sa phróiseas táirgthe lena gcinntear cineál na cáise. Is é rialú na gcéimeanna sin, agus an idirghníomhaíocht eatarthu, atá ríthábhachtach don cháis chun na saintréithe a dtugtar tuairisc orthu a fháil. Mar gheall ar an bhfios gnó a forbraíodh i gcaitheamh na mblianta sin ag déiríochtaí na Danmhairge, cruthaíodh corpas uathúil taithí. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaí Havarti a tháirgeadh ag déiríochtaí na Danmhairge, áit a bhfuil oiliúint agus teagasc críochnúil faighte ag fir bhainne, teicneoirí déiríochta, teicneolaithe déiríochta agus innealtóirí déiríochta le blianta fada sna teicneolaíochtaí a úsáidtear go sonrach le haghaidh an chineáil cáise sin.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://foedevarestyrelsen.dk/Media/638929154696604590/Produktspecifikation%20for%20Havarti%20-%20080925.pdf